

# ❁ An Lúibín ❁

22 Nollaig 2020

## Na hIarlaí um Nollaig

*In 1697 Aodh Rua Ó Néill and Aodh Rua Ó Domhnaill left Ireland to seek help abroad after their long war against the Crown. With them came Tadhg Óg Ó Cianáin, who kept a diary of their travels, including the Christmas they spent at Louvain (in modern Belgium).*

D'fhág Aodh Rua Ó Néill, Aodh Rua Ó Domhnaill agus a gcóisir Éire i Mí Mheán Fómhair 1607 tar éis gur bhuaigh fórsaí na Banríona orthu. Bhí a n-aghaidh ar an Mor-Roinn agus fonn orthu cúnamh a fháil ó phrionsaí Caitliceacha. Bhí Tadhg Óg Ó Cianáin, duine de mhionmhaithe na tíre, ina dteannta, agus scríobh sé cuntas laethúil ar thuras na nIarlaí.<sup>1</sup> Cuntas an-suimiúil é, agus tá sleachta thíos a bhaineann le tréimhse Nollag a chaith na hIarlaí i Lováin.

Tá cuntas an Chianánaigh le fáil (le haistriúchán) ar shuíomh CELT, suíomh a cuireadh ar bun faoi choimirce Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: 'Imeacht na nIarlaí': <https://celt.ucc.ie/published/G100070/index.html>. Úsáideadh míreanna 41-45. Cuireadh athchoiriú éigin ar litriú na sleachta anseo, cé go bhfuil sé fós traidisiúnta go leor. Coinníodh na tabharthach iolra *-ibh* tar éis réamhfhocail: *dá mhéaraibh, de chórdaihb, de phícibh* (dá mhéara, de chórdai, de phící). Coinníodh an tabharthach uathu: an leac – *ar an leic, sa leic*, an chathair – *sa gcathraigh*. Coinníodh an réamhfhocail *go* (i.e. *le*). Baineadh úsáid as an deireadh briathartha iolra *-adar* (*do gháireadar* – gháir siad). Dála an scéil, níl doichead ar an gCianánach roimh fhocail a tháinig ón mBéarla – 'ionstrúimeint,' 'múisic' agus eile.

Chuaigh na hIarlaí tríd an bhFrainc agus isteach i nDiúcacht Bhrabant agus fonn orthu dul as sin go dtí an Spáinn, cé gur theip orthu é sin a dhéanamh agus an Diúc á bhacadh orthu. D'fhan siad i Lováin (*príomhchathair oirearc oireadha*, mar a deir an Cianánach), cathair atá i lárthuaisceart na Beilge anois, an Bhruiséil gar di thiar agus Antuairp, calafort saibhir, siar ó thuaidh uaithi.



Oude Markt (an Sean-Mhargadh) i Lováin, Wolfgang de Smet, c. 1650-1700

An geimhreadh a bhí ann agus ba chailte an aimsir í: deir an Cianánach go ligfeadh an t-oighear do chapail, do chóistí agus do vaigíní imeacht ar lochanna agus ar aibhneacha. Ba dheacair don chléir a ndualgas a chomhlíonadh, agus luann an Cianánach an Proinsiasach Diarmaid Ó Conchubhair, sagart a raibh a mhéara ag cur fola i rith an aifrinn de thoradh fuachta.

Do bhí iomorra [*ansin*] sneachta ábhalmhór agus oighreacht leis an ré sin ann is go n-imeoidis eachra agus cóistí agus vaigíní uile locha, aibhne agus ruihbéir intíre. De ghrásaibh Dé do roicheadh le horduibh rialta na hEaglaise a gcúrsa aifreann, tráthanna agus seanmóirí agus urnaithe do dhéanamh isna heaglaisibh. Aroile [*thairis sin*] athair Éireannach d'ord Sanct Proinséis, Diarmaid Ó Conchubhair, ó Chiannachta Glinne Geimhin, d'inis i bhfianaise Uí Néill gur fhulaing sé an urdail sin [*an oiread sin*] d'fuacht an comhfhad do bhí sé ag ceiliúradh in aifrinn mhór isan mainistir gur shil páirt dá mhéaraibh frasa fola.

Cuireann an Cianánach síos ar thubaiste a thit amach in Atuairp féin, nuair a chuaigh cuid de phobal na cathrach amach ar oighear an Scheldt ag déanamh aobhnis, ag ithe, ag ól agus ag rince. Scar leac oighir ón tír le torann

<sup>1</sup> Cuntas ar Thadhg Óg ar an Vicipéid ag [https://ga.wikipedia.org/wiki/Tadhg\\_%C3%93g\\_%C3%93\\_Cian%C3%A1in](https://ga.wikipedia.org/wiki/Tadhg_%C3%93g_%C3%93_Cian%C3%A1in).

uafásach (*béiceadh ábhalmhór*) agus chroch na daoine léi, rud a d'fhág anbhúain ar a raibh ann. Na daoine a bhí ar an mbruach chaith siad téada agus shín píci amach chun an dreama a bhí ag imeacht le sruth, agus níor cailleadh ach cúigear.

Do bhí leac oighre ábhal [*an-mhór*] ar ruibhéar Anuerp. Ba ghnáth le lucht na cathrach dul gach lá de chaitheamh aimsire agus d'fionnuaradh a n-aighe ar an leic. Lá n-aon dá ndeachaigh go líonmhar dronga acu ag caitheamh bídh [*bía*] agus dí, ag reabhradh agus ag rince, do théigh an leac ó áibhle agus ó líonmhaire na ndaoine agus do lig béiceadh ábhalmhór os ard. Leis sin trá [*áfach*] tig [*tagann*] gné imdheaghla agus idirdhealaithe idir í agus an tír. Mar fuair an ruibhéar ró-láidir an comhthitim sin sa leic, agus í ar scaradh leis an tír, do ghluais leis í gona [*lena*] raibh ag marcaíocht uirthi. An lucht do bhí ag fastaím, ag áineas agus ag aoibhneas roimhe sin, ní mór nár thoilteanaí leo a bheith istigh go cónaitheach i gceartmheán na cathrach ná a bheith ar an seoltóireacht sin, bíodh nach mbeidís a n-aighthe ar an seanfharraige ar a gcomhair. D'éadar [*d'éigh siad*] agus do ghéireadar. Leis sin, an lucht do bhí ar tír, cuirid [*cuireann siad*] méid áirithe de chóirdaibh cnáibe agus do reifidhibh [*téada*] agus de pícihbh chucu. Ba thoil le Dia go rángadar [*gur shroich siad*] anacal agus tarrtháil ach cúig pearsana amháin.

Níor éirigh leis na hIarlaí filleadh ar Éirinn riamh, ach nuair a tháinig an Nollaig i Lováin bhain siad sult aisti. Thug 'maithe na cathrach' cuairt orthu, agus bhí ceol agus rince ann.

Bhí na maithe seo trá i Lováin in aimsir na Nollag do bhí ar a gcionn [*ina dhiaidh sin*] maille le meanmain mhaith agus le dea-chaitheamh aimsire, mar is onóraí costasaí ab fhéidir leo. Do tháinig trá maithe na cathrach d'ilghairdiú intinne dóibh go n-iliomad d'ionstrúimeintibh ceoil agus múisice, do lucht rince agus cleasaíochta. Daoine uaisle Spáinneacha do bhí sa gcathraigh [*sa chathair*], ba ghnáth leo a bheith ag imthaithe orthu [*ag taithe leo*].

Tamall ina dhiaidh sin chuir siad chun bóthair arís agus iad ag déanamh ar an Róimh: scéal eile.



### Iomann don Mhaighdean Bheannaithe

*Without Mary, mother of Jesus, there would be no Christmas. Devotion to her in the Gaelic world found fluentD' expression in a Latin hymn written in Iona in the 8th century by Cú Chuimhne sapiens (the wise).*

Manach de chuid mhainistir Í Cholm Chille (Oileán Í) ba ea Chú Chuimhne, agus chum sé iomann ceolmhar Laidine in ómós na Maighdine Beannaithe (*Hymnum S. Cú Chuimne in laudem S. Mariae*) am éigin idir c.700 agus 747 - iomann a bhfuil sliocht as thíos. Féach <https://celt.ucc.ie/published/L400002/index.html>.



Í Cholm Cille  
*Wikimedia Commons*

Deirtear gur bhunaigh Colm Cille an mhainistir in 563 tar éis gur díbríodh é féin agus dháréag compánach as Éirinn. Ba mhór an rath a bhí uirthi agus ba mhór an bhaint a bhí aici le hiompú na bPíochtach ina gCríostaithe i ndeireadh an 6ú haois agus le Críostaíocht a thabhairt go Northumbria sa 7ú haois. B'áit shuntasach léinn í an mhainistir agus scríobhadh roinnt lámhscríbhinní iomráiteacha ann. Thosaigh na Lochlannaigh ag tabhairt ruathar ar na oileán in 764, agus faoi 850 bhí na manaigh imithe.

Baintear tairbhe as an rím sa dán, rud a shaothraigh na hÉireannaigh le dúthracht. Tabhair faoi deara na focail a dhéanann rím nó amas i ngach dara líne – *dignum/ymnum, aurem/per laudem*.

Cantemus in omni die concinantes varie  
conclamantes Deo dignum ymnum Sancte Marie.

*Canaimis gach lá le chéile ar uainíocht, ag fógairt iomann Mhuire do Dhia.*

Bis per chorum hinc et inde conlaudemus Mariam  
ut vox pulset omnem aurem per laudem vicariam.

*Molaimid Muire le dhá chór thall is abhus chun go mbuailfeadh an guth gach cluas le moladh malartach.*

Maria de tribu Iuda Summi mater Domini  
oportunam dedit curam egrotanti homini.

*Thug Muire, bean de threibh Iúdá, máthair Dé, aire chuí do dhaoine breoite.*

Gabriel advexit Verbum sinu prius Paterno  
quod conceptum et susceptum in utero materno.

*Ba é Gaibriéil ba thúisce a thug leis an Briathar ó ucht an Athar, Briathar a gineadh i mbroinn máthar.*

Hec est summa, hec est sancta virgo venerabilis,  
que ex fide non recessit sed exstetit stabilis.

*Is í an bhuaic í, is í an Mhaighdean Bheannaithe uasal í nár chúlaigh ón gcreideamh ach shess go daingean.*

Huic matri nec inventa ante nec post similis  
nec de prole fuit plane humane originis.

*Ní bhfuarthas máthair dá leithéid roimhe sin ná ó shin, agus níor de shliocht an chine dhaonna í.*

Per mulierem et lignum mundus prius periit;  
per mulieris virtutem ad salutem rediit.

*Cailleadh an domhan ar dtús de dheasca mná agus crainn; trí mhaitheas mná a tugadh slán é.*



### **An Nollaig in Bailiúchán na Scol (1937–38): [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie)**

*From Bailiúchán na Scol (The Schools' Collection), folklore gathered by Irish schoolchildren in the nineteen thirties.*

<https://www.duchas.ie/en/cbes/4427889/4354754/4449609>

'Pisreoga a Bhaineas leis an Nollaig agus le Lá Chinn Bhliana'

Eibhlín Ní Chorraidhe, múinteoir (Rúsaigh, Co. Maigh Eo).

1. Is comhartha ádha don teach más fear dubh an chéad duine a thagann isteach ar cuairt Lá Cinn Bhliana. Is ceart deoch a thabhairt don duine sin.
2. Ní ceart airgead a íoc an lá sin. Má thugann tú airgead amach an lá sin, deirtear go mbeidh tú á thabhairt uait gach uile lá eile sa mbliain.
3. Ní ceart glas a chur ar an doras nó dallóg a chur ar an bhfuinneog Oíche na Nollag ar fhaitíos go mbeadh an Mháthair Bheannaithe is an Leanbh Íosa ar lorg dídine an oíche sin.
4. Is ceart coinneal a bheith ar lasadh i ngach fuinneog sa teach Oíche na Nollag i dtreo go bhfeicfidh an strainséir nó an taistealaí an solas agus go dtiocfaidh sé isteach le bia agus dídean a fháil, má bhíonn a leithéid ag teastáil uaidh.

<https://www.duchas.ie/en/cbes/4622978/4619848/4629286>

Pádraic Ó Congailligh, 59 (An Cnocán Bán, Co. na Gaillimhe). Bailithe ag Mícheál Ó Congailligh.

Deirtear go mbíonn caint ag na hainmhíbh uilig Oíche Nollag. Deirtear go dtéann na hasail ar a nglúinibh le haghaidh onóra a thabhairt do Íosa Oíche Nollag.

Agus tá sé ráite go n-iompaíonn an t-uisce do fhíon Oíche Nollag. Deirtear freisin go mbíonn an Mhaighdeann Mhuire agus Íosa ag dul thart ó theach go teach agus go ceart an doras a fhágáil oscailte ionas go dtiocfadh Siad isteach dá mbeadh foscadh ag teastáil uatha.

Deirtear nach luíonn an chaora ná an bhó an oíche sin cor ar bith.

<https://www.duchas.ie/en/cbes/4613698/4609827/4626986>

Brigid Naoidh, 40 (An Léim Thiar, Co. na Gaillimhe). Bailithe ag Cáit Breathnach, 13.

Bí fear ann uair amháin agus 'sé an t-ainm a bhí air Páidín Rua. Oíche Nollag do bhí ann agus dhún sé an doras amach an oíche sin. Chuala sé torann mór ag an doras, agus d'oscail sé é agus ní fhaca sé aoinne. Dhún sé amach an doras arís. Chuala sé arís é. Chuaigh sé amach agus chonaic sé bean agus páiste ag seasamh taobh amuigh. Labhair sé go garbh leo agus dúirt sé: "Tuige bhfuil sibh ag bualadh an dorais mar sin?". Agus cé bheadh ann ach an Mhaighdean Bheannaithe.

*Sean-fhocal:* Deirtear nár cheart an doras a bheith dúnta Oíche Nollag.



### Maslú cine i nGaeilge

*Many were startled when it was revealed how much racist abuse in Irish had been directed at a Gaeilgeoir and broadcaster of Nigerian origin, Ola Majekodunmi.*

Tá Gaeilgeoirí ann ar deacair dóibh glacadh leis gur féidir lena leithéidí a bheith claonta in aghaidh ciníocha eile. Sin tuairim a bhaineann leis an dearcadh atá acu orthu féin mar dhream a ndéantar leatrom orthu. Is beag an bunús atá léi, mar a chuir Ola Majekodunmi, Gaeilgeoir gorm, in iúl le déanaí ar an gclár Tús Áite ar Raidió na Gaeltachta. Is é an teideal atá ar an mír áirithe sin ‘Ciníochas agus reachtaíocht don fhuath-chaint,’ 17/12/2020 ([https://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast\\_tusaite.xml](https://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_tusaite.xml)).

Scannanóir, urlabhraí poiblí agus láithreoir ‘Afra-Éire,’ clár de chuid Raidió na Life, is ea Ola. As an Nigéir dá muintir (tá Yoruba aici) agus in Éirinn rinne a dtuismitheoirí cinneadh corr chun í a chur ar Ghaelscoil. Beidh sí dílis don teanga dá bharr. Tá Ola le feiceáil i bhfiseán de chuid na hirise cultúir NÓS agus ba ghearr gur fágadh na céadta teachtaireacht ann, i nGaeilge agus i mBéarla, a bhí lán de ghráin agus d’fhonóid. Bhain sin geit as stiúrthóir fhíseáin NÓS agus iallach uirthi na maslaí a chealú. Ní bhainfidh feasta, is dócha. Dúirt Ola féin faoi na maslaí: ‘Níor chuir sé iontas orm ach ní raibh mé ag súil leis sin.’

Fiafraíodh di ar an gclár an raibh daoine ag baint feidhm as Google Translate chun maslú a dhéanamh i dteanga na nGael, ach shíl sí go raibh Gaeilge ar a dtoil ag a lán acu, sa bhaile agus i gcéin. Ba léir go raibh iontas ar láithreoir an chláir. Ba léir freisin gur beag eolas ar stair na teanga a bhí ag na maslóirí agus an Ghaeilge mar theanga dhúchais ag cuid de phobal gorm na nIndiacha Thiar le breis is dhá chéad bliain.<sup>2</sup>

Féach:

- <http://nos.ie/fiseain-nos/fisean-gruaig-na-mban-dubh-le-wuraola-majekodunmi/>
- ‘Haigh. I’m a black woman, and I happen to speak Irish’: <https://www.irishtimes.com/culture/heritage/haigh-i-m-a-black-woman-and-i-happen-to-speak-irish-1.4286427>



### An Tibéid: tine gan mhúchadh

*Tibetans in Tibet itself and in adjacent regions are still a cause of anxiety and suspicion in Beijing. Repression and surveillance are growing more severe. But the Tibetans are stubborn, and some resort to self-immolation as a protest.*

Is deacair eolas a fháil ar chúrsaí cearta daonna sa Tibéid. Ní spréitear eolas oifigiúil ar na gnóthaí sin agus ní ligtear d’eagraíochtaí cearta daonna teacht isteach agus ceisteanna a chur. Mar sin féin, tá faisnéis le fáil. Scaiptear scéala trí na meáin chumarsáide, trí dhaoine a fhágann an tSín ar chúis éigin nó trí iriseoirí. Ach tá Páirtí Cumannach na Síne ar a mhíle dícheall anois ag iarraidh an sceitheadh sin a chosc.

Tá formhór na dTibéadach ina gcónaí i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide, ach tá mórán eile le fáil i gcúigí eile - Gansu, Qinghai, Sichuan agus Yunnan.



Contae Ngawa (dearg) laistigh de Mhaoracht Ngawa (liath), ait atá ina cuid de Sichuan.  
[Wikimedia Commons](#)

<sup>2</sup> Féach ‘An Ghaeilge i Muir Chairib’: [https://ga.wikipedia.org/wiki/An\\_Ghaeilge\\_i\\_Muir\\_Chairib](https://ga.wikipedia.org/wiki/An_Ghaeilge_i_Muir_Chairib).

D'ainneoin áitiú an Pháirtí tá greim teann ag na Tibéadaigh ar a ndúchas. Tá dlúthbhaint aige sin leis an Dalaí Láma, príomhcheannaire Búdach na dTibéadach, rud a chuireann inní ar an rialtas i gcónaí. Tá úsáid bainte as feachtas náisiúnta frithchoireanna chun a áitiú ar dhaoine scéala a dhéanamh ar bhaill dá bpobal a chuir bá ar bith leis an Dalaí Láma in iúl (nó míshásamh ar bith leis an rialtas). Caithfidh na Tibéadaigh bratacha Síneacha a chrochadh agus freastal ar ranganna bolscaireachta. Is deacair dóibh jabanna a fháil agus dul ag taisteal sa tSín nó thar lear, agus déantar dianfhaire leictreonach orthu.

Ní gá parrthas a dhéanamh den tsean-Tibéid, tír shainaicmeach a raibh idir thiarnaí agus sclábhaithe ann, pobal bocht agus mainistreacha saibhre. Níor shaol rómánsach é, cé go raibh fíorfhiúntas ag roinnt leis i gcúrsaí cultúir agus creidimh. Nuair a ghabh rialtas na Síne an Tibéid in 1959 fuarthas réidh le hansmacht na seantiarnaí, ach cuireadh ansmacht nua i bhfeidhm. Má thug na Síne saol nua-aimseartha isteach leo, rinne siad praiseach den scéal ar bhealaí eile – marú na ngeac (príomhfhoinsé bhia), daoine a náiriú go poiblí, timpeall 20% den phobal sáite i ngéibheann agus timpeall 300,000 Tibéadach marbh. Bhí gabháil gan chúis ann, céasadh, cosc ar shaoirse cainte agus cumarsáide, ginmhilleadh éigeantach agus aimridiú ban. Agus, ar ndóigh, faireachas an-dian.



Mainistir Kirti in Ngawa: is iomaí féinloscadh a tharla láimh léi.

*Wikimedia Commons*

Tá an Búdachas fite fuaite fós i saol an phobail. Níl na húdaráis chun an Búdachas a chosc ar fad; is fearr leo é a threorú agus a shrianú. Is coir é pictiúr den Dalaí Láma a bheith i do sheilbh agat, agus caithfidh manaigh seisiúin síolteagaisc gan chríoch a fhulaingt. Is léir go bhfuil an Búdachas Tibéadach daingnithe i gcroí na ndaoine, ach ní den chineál céanna iad na Búdaithe go léir agus cuid acu sásta an Dalaí Láma féin a cháineadh.

Níl lá na Síne ag téaltú ná baol air. Níl aon scoileanna ann anois a mhúineann trí Thibéidís amháin: tá sé de chuspóir ag na húdaráis gurb í an tSínis príomhtheanga na glúine nua. Tá a lán Tibéadach ann a leathann a mbrat mar a fhéadann siad é a chonlú, iad ina bhfeidhmeanaigh áitiúla, ina mbaill den Pháirtí féin, nó ina bhfiontraithe sa gheilleagar mór. Ní hionann sin is a rá gur thréig siad a ndúchas ar fad agus nach bhfuil meas acu ar an Dalaí Láma.

I ndeireadh na dála, tá na húdaráis ag brath ar an imeaglú. Téann na Tibéadaigh i ngleic leis seo ar shlíte éagsúla, agus is é an féinloscadh an tslí is déine acu. Tugtar léargas air seo i leabhar le Barbara Demick, iriseoir iomráiteach ó Mheiriceá a tháinig go Beijing in 2007 mar cheannaire búró don Los Angeles Times. *Eat The Buddha* is teideal don leabhar,<sup>3</sup> agus tugann sé cuntas ar chúige Ngawa in Sichuan, áit iargúlta ar imeall an ardchláir Thibéadaigh. Baineann an teideal lena tharla agus saighdiúirí Cumannacha ag teitheadh roimh a namhaid sna 1930idí, iad chomh hocrach sin gur chreach siad na mainistreacha agus gur ith siad íomhánna naofa den Bhúda a bhí déanta d'ím agus de phlúr.

Is iomaí agóid agus éirí amach a tharla sa réigiún, agus rinne na húdaráis iarracht ar é a nuachóiriú chun an míshástacht a mhaolú. Ach is iomadúla na saighdiúirí ann ná muintir na háite. Thug Demick cuairt ar Ngawa trí huaire thar thrí bliana agus í faoi bhréagríocht: chuir sí agallamh ar Thibéadaigh de gach cineál, agus is éard a tháinig de breac-chuntas ar phobal faoi bhrú. Labhair sí le manaigh, mic léinn, máthreacha, cailíní, bean uasal de chuid an tseansaoil, agus cuireann sí síos ar an bhféinloscadh. As Ngawa agus as an réigiún máguaird don tríú cuid beagnach díobh siúd a dhóinn iad féin beo beathach mar agóid i gcoinne rialú na Síne: gnáthdhaoine a dhéanann cuilt agus sreang a chasadh ina timpeall chun tarrtháil a bhacadh, peitreal a stealladh orthu féin agus fiú é a shlogadh. Tugann na Síne 'sceimhlitheoirí' ar a leithéidí agus beirtear ar dhaoine a fhéachann leis na lasracha a mhúchadh.

<sup>3</sup> Demick, Barbara (2020). *Eat the Buddha*. Random House.

Tá saol na Tibéide athraithe go deo; ní féidir (agus ní ceart) an nuachóiriú a chealú, fiú má tá lorg na Síne air – nósanna, éadach, áiseanna. Ach níor bogadh fós dílseacht na dTibéadach don chuid is bunúsaí dá ndúchas – an dílseacht chéanna atá ag na Síneigh féin, beag beann ar choir na staire.

Féach:

<https://www.hrw.org/world-report/2019/country-chapters/china-and-tibet>

<https://www.cecc.gov/events/hearings/the-human-rights-situation-in-tibet-and-the-international-response>

<http://www.china-un.ch/eng/bjzl/t168910.htm> (dearcadh na Síne ar chás na Tibéide)



Breith Chríost, c. 1350. Péintéir Seiceach gan ainm.  
*Wikimedia Commons*

## Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise dár léitheoirí.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

### Dánta le Colin Ryan

#### Do Hegel<sup>4</sup>

Tá na laethanta deireanacha  
ag druidim linn  
a dúirt an dochtúir  
nach raibh luibh aici  
ná leigheas  
in aghaidh an bháis:

agus chonaiceamar amuigh  
an saol ag cur gach craiceann de

<sup>4</sup> Georg Wilhelm Friedrich Hegel, 1770-1831, fealsamh Gearmánach:  
[https://ga.wikipedia.org/wiki/Georg\\_Wilhelm\\_Friedrich\\_Hegel](https://ga.wikipedia.org/wiki/Georg_Wilhelm_Friedrich_Hegel).

á shárú féin  
ag iarraidh réitigh  
in aigne na héigríche

### **Le teacht**

Tá ár sinsir ionainn  
faoi sholas aineoil  
ag treabhadh is ag ceannach  
ag breacadh páir  
ag cailleadh an tí  
le cearrbhachas

strainséirí istigh  
ag insint scéalta  
faoi phúcaí an ama  
atá le teacht